Acmhainní, seimineáir agus
riachtanais bhreise oideachais

An Turas Scoile

Eagrán an Gheimhridh 2021 | Winter Edition 2021

San eagrán seo | In this edition:

- Fáilte | Word of Welcome
- Sonraíochtaí Gaeilge na hArdteiste | Specifications for Leaving Cert Irish
- Cén Fáth Gaelcholáiste a Roghnú | Why Choose a Gaelcholáiste?
- Déan Comhrá don Nollaig | Christmas Vocab with Déan Comhrá
- Acmhainní Úsáideacha Eile | Other Useful Resources

Fáilte romhat chuig an eagrán seo!

Tá súil againn go raibh briseadh meántéarma álainn agaibh agus go bhfuil bhur gcuid páistí ag socrú isteach i saol an naíonra nó saol na scoile arís. Tá áthas ar Gaeloideachas an t-eagrán úr seo dár nuachtlitir *An Turas Scoile* a scaipeadh oraibh.

Roinnfear eolas thíos maidir le seimineár atá á bheartú ag Gaeloideachas do thuismitheoirí, acmhainní úsáideacha, mar aon le fócas faoi leith ar roinnt de na hacmhainní agus tacaíochtaí atá ar fáil uainn chun cabhrú le

páistí agus scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais nó difríochtaí foghlama acu.

We hope you all had a lovely mid-term break and that your children are settling into naíonra and school life again. Gaeloideachas is delighted to share this edition of An Turas Scoile, our newsletter for parents and guardians, with you.

You will find information below on our upcoming seminar on the new Draft Specifications for Leaving Cert Irish, useful resources for parents, as well as a particular focus on some of our resources and supports for children and students with additional educational needs or learning differences.

Mí amháin fágtha le haiseolas a thabhairt!

Is é an **30 Samhain** an spriocdháta chun aighneachtaí agus aiseolas a chur isteach maidir leis na **Dréachtsonraíochtaí nua Gaeilge** atá molta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA).

Tá Gaeloideachas ag eagrú **dhá ócáid ar Zoom** chun tuilleadh plé a dhéanamh ar na himpleachtaí d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus gur féidir libh bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán.

Tá **plécháipéis** réitithe ag an Ollamh Áine Hyland agus Fíona Uí Uiginn ar ábhar na nDréachtsonraíochtaí a phléifear go mion le linn na n-ócáidí thuas.

One month left to have your say!

*The deadline for submissions and feedback on the new **Draft Specifications for Leaving Cert Irish** proposed by the National Council for Curriculum and Assessment (NCCA) is the **30th of November**.*

*Gaeloideachas will hold **two events on Zoom** this month to discuss the specifications and their implications for Irish-medium and Gaeltacht post-primary schools and how you can have your say in the process.*

Professor Áine Hyland and Fíona Uí Uiginn have prepared a detailed discussion document on the Draft Specifications which will be discussed during the events above.

Breis eolais agus clárúchán (Imeacht trí Ghaeilge)

Information and registration (Event through English)

Plécháipéis | Discussion Document

Cén fáth Gaelcholáiste a roghnú?| *Why choose a Gaelcholáiste?*

An bhfuil tú ag breathnú ar roghanna iar-bhunscoile do do mhac nó iníon faoi láthair? Ar mhaith leat go leanfadh siad leis an oideachas lán-Ghaeilge agus go mbainfeadh siad tairbhe as buntáistí leanúnacha an tumoideachais agus an dátheangachais?

Reáchtáil Gaeloideachas caint phraiticiúil ar chúiseanna le Gaelcholáiste a roghnú le deireanaí. Roinn painéal cainteoirí a gcuid eispéireas ar an oideachas lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile, mar aon le nodanna maidir leis an aistriú ón mbunscoil agus freagraí ar cheisteanna coitianta tuismitheoirí a roinnt. Is féidir breathnú ar thaifead den ócáid agus na sleamhnáin a fháil ag an nasc thíos.

Are you currently exploring post-primary school options for your son or daughter? Would you like them to continue their immersion journey and enjoy the continuation of the many opportunities and benefits of primary education through Irish?

Gaeloideachas held a practical talk for parents recently where a panel of speakers shared their experience of Irish-medium education, as well as helpful tips and advice on what to expect and how you can help your child make a smooth transition between primary and post-primary. Watch a recording of the event on our YouTube channel and access the slides here.

Taifead agus sleamhnáin | *Recording and slides*

Déan Comhrá don Nollaig | *Christmas Vocab with Déan Comhrá*

An bhfuil cóip de ***Déan Comhrá*** ó Gaeloideachas agat sa bhaile? Is féidir cóip a ordú trí eolas@gaeloideachas.ie nó glaoch a chur ar 01 853 5195.
Tá físeáin bunaithe ar théamaí an leabhráin ar fáil ar chainéal YouTube Gaeloideachas. Tá físeán álainn don Nollaig ar fáil **anseo**

Má tá páistí óga sa bhaile, b'fhéidir gur mhaith leo **litir as Gaeilge a chur chuig Daidí na Nollag** nó **cuairt trí Ghaeilge** a dhéanamh leis?

Breis eolais ó Thuismitheoirí na Gaeltachta agus Glór na nGael thíos.

*Do you have a copy of our booklet **Déan Comhrá** at home? You can order a copy by contacting us at eolas@gaeloideachas.ie or 01 853 5195. On our YouTube channel, we have lots of videos based on various themes from the booklet.*

To get you in the festive mood and to encourage more Gaeilge at home, you might like to watch our Christmas video above.

*If there are young children at home, maybe they would like to **send a letter as Gaeilge to Santa** or **visit him and speak with him as Gaeilge**. More inforamtion below!*

Litir chuig Santaí trí Thuismitheoirí na Gaeltachta

Cuairt spraíúil ar Dhaidí na Nollag le Glór na nGael

Déan Comhrá (PDF)

Acmhainní agus Tacaíochtaí Úsáideacha Eile |

Other Useful Resources and Supports

Ag Tacú le do Pháiste: Oideachas lán-Ghaeilge &Riachtanais Speisialta Oideachais | *Supporting your Child: Irish-medium Education and Special Educational needs*

Anuraidh, d'fhoilsigh Gaeloideachas leabhrán dar teideal ***Ag Tacú le do Pháiste: Oideachas lán-Ghaeilge agus Riachtanais Speisialta Oideachais*** i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE). Tá sé dírithe go sonrach ar thuismitheoirí a bhfuil páistí acu sa chóras lán-Ghaeilge nó orthu siúd atá ag smaoineamh ar an gcóras den chéad uair.

Last year we published a bilingual booklet entitled ***Supporting your Child: Irish-medium Education & Special Education Needs*** *in collaboration with the National Council for Special Education (NCSE). The booklet is aimed specifically at parents who have children in the Irish-medium system or on those who are considering the system for the first time.*

Tuilleadh eolais | *Further Information*

Rannóg ar an Disléicse| *FAQs on Dyslexia*

An bhfuil ár **rannóg ar an disléicse** feicthe agat? Tá eolas ann le cabhrú le tuismitheoirí tuiscint níos fearr a bheith acu ar an disléicse, feasacht a ardú agus dul i ngleic le roinnt de na míthuiscintí a bhaineann le hoiriúnacht an chórais lán-Ghaeilge do dhaltaí a bhfuil disléicse orthu. Caith súil air!

*Have you seen our **FAQ section on dyslexia** yet? It has lots of helpful information for parents to gain a better understanding of dyslexia, raise awareness and address some of the misunderstandings relating to the suitability of the Irish-medium system for pupils with dyslexia. Take a look at the link below.*

Tuilleadh eolais | *Further Information*

Acmhainní do scoláirí uathacha | *Resources for autistic students*

Tá 22 acmhainn éagsúla ó AsIAm aistrithe go Gaeilge ag Gaeloideachas. Is acmhainní iad seo chun tacú le páistí agus daoine óga uathacha barr a gcumais a bhaint amach sa naíonra nó ar scoil. Is féidir le naíonra nó scoil do pháiste cóipeanna crua a ordú uainn!

In April, Gaeloideachas provided Irish versions of 22 different AsIAm resources during Autism Awareness Month. These resources are available to support children and young people with autism in order to achieve their full potential in Irish-medium preschool or school. Your child's naíonra or school can order hard copies of these resources from us at any time.

Tuilleadh eolais | *Further Information*

Taighde nua maidir le Siondróm Down | *Profiling the Language Abilities of Welsh-English Bilingual Children with Down Syndrome*

I dtráchtas nua ón Dr Rebecca Ward cuirtear fianaise ar fáil chun tacú agus bunús a thabhairt leis an litríocht roimhe seo **nach bhfuil éifeacht dhiúltach ag an dátheangachas ar pháistí a bhfuil Siondróm Down** orthu do raon gnéithe teangeolaíocha. Clúdaíonn siad seo an bhunteanga, teanga ghabhálach agus léiritheach chomh maith le gnéithe de PA sa Bhéarla agus sa Bhreatnais. Mar a luaigh Kathryn Kohnert, "**ní réiteach é an t-**

aonteangachas ar mhíchumas teanga" (Kohnert, 2007, lch 7) agus is achoimre é seo ar dhearcadh an taighde seo bunaithe ar an toradh nach drochghné é an dátheangachas do pháistí a bhfuil lagú teanga acu, agus go háirithe a bhfuil Siondróm Down orthu.

In Dr Rebecca Ward's recent thesis, evidence is provided to support and substantiate previous literature that ***children with Down Syndrome are not negatively impacted by bilingualism*** *for a range of linguistic aspects. These include core, receptive and expressive language as well as aspects of PA in English and Welsh. As stated by Kathryn Kohnert,* ***"monolingualism is not a cure for a language disability"*** *(Kohnert, 2007, p.7) and this summarises the viewpoint of this research based on the finding that bilingualism is not an exacerbating factor for children with language impairments, and more specifically, DS.*

Léigh an tráchtas iomlán anseo | *Access the complete thesis here*

Tearmann Teaghlaigh | *Facebook Group for Parents*

An bhfuil tú i do bhall dár **ngrúpa Facebook do thuismitheoirí**? Roinntear go leor eolais agus acmhainní anseo. Bíonn deis ag tuismitheoirí ceisteanna a chur agus comhairle a lorg ann freisin.

Are you a member of our ***Facebook group for parents****? We share lots of information and*

resources here. Parents can also ask questions and look for advice from other parents.

Tuilleadh eolais | *Further Information*

An Ríomhfhoclóir Matamaitice | *Maths Dictionary*

An mbíonn sainmhíniú nó breis eolais ar théarma matamaitice ag teastáil ó do pháiste riamh? Tá an Ríomhfhoclóir Matamaitice thar a bheith úsáideach don obair bhaile mhata. Tá íomhá nó beochan ann do gach téarma, chomh maith le comhaid fuaime, sampla d'úsáid an téarma, eolas gramadaí, agus liosta de na téarmaí gaolmhara.

Does your child ever need a definition or extra information on maths terminology? ***An Ríomhfhoclóir Matamaitice*** *is a fantastic online resource for maths homework as Gaeilge. It contains lots of extra information on important maths terms, along with useful images or animation, audio files, an example of how the term is used, grammatical information, and a list of related terms.*

Tuilleadh eolais | *Further Information*

Nuachtlitreacha Gaeloideachas

| *Newletters*

Le do thoil, roghnaigh na nuachtlitreacha uile gur mian leat a fháil uainn. Is féidir do rogha a leasú ag am ar bith.

Please choose the newsletters you wish to receive from us. You can amend your selection at anytime.

Cláraigh Anseo | Subscribe Here

Físeáin Gaeloideachas do Thuismitheoirí

Físeáin dírithe ar thuismitheoirí ar gach leibhéal teanga.

Videos for parents of all levels of Irish

Físeáin do Thuismitheoirí | Videos for Parents

@Gaeloideachas

@Gaeloid

@gaeloideachas

bit.ly/GaeloidYT

Share Tweet Share Forward

Gaeloideachas

Is Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta í Gaeloideachas, cláraithe i mBaile Átha Cliath, Éire
Uimhir cuideachta: 317146 | Uimhir cláraithe carthanais: 20042394 | CHY: 13520
Oifig cláraithe i Halla Naomh Pádraig, Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6, Éire

Tá an ríomhphost seo á fháil agat toisc go bhfuil tú ar liosta Gaeloideachas dá nuachtlitreacha. Is féidir do roghanna a chur in oiriúint nó do sheoladh a bhaint ón liosta trí chliceáil ar na naisc thíos.

Preferences | Unsubscribe